# meitheal dúchas.ie

Tá sé mar aidhm ag tionscadal www.dúchas.ie bailiúcháin uile Chnuasach Bhéaloideas Éireann a dhigitiú agus a chur ar fáil don phobal ar líne. Go n-uige seo tá ábhar ó Bhailiúchan na Scol (scéalta a bhailigh páistí sna 1930idí) agus sciar den ábhar ón mBaliúchán Grianghraf ar fáil ar an suíomh.

Leis an tionscadal sluafhoinsithe **Meitheal Dúchas.ie**, tugtar cuireadh don phobal na scéalta i mBailiúchán na Scol a thras-scríobh (a chóipeáil amach) le go mbeidh siad níos fusa le léamh agus le cuardach.Tá breis agus 150,000 leathanach, as Gaeilge agus as Béarla, tras-scríofa ag an bpobal cheana.

Is féidir **Meitheal Dúchas.ie** a nascadh leis na hábhair seo a leanas:

- Teanga labhartha
- Scríbhneoireacht
- Drámaíocht
- Ealaín
- Stair
- Tíreolaíocht
- ICT

Is féidir Meitheal Dúchas.ie a chur in oiriúint do leibhéil éagsúla ach d'fheilfeadh sé do **dhaltaí idirbhliana** go háirithe.

## Bígí linn!

Cuireann **Meitheal Dúchas.ie** ar chumas an dalta:

- Foghlaim faoi **stair** agus **oidhreacht** a c(h)eantair.
- **Scileanna léamhthuisceana** a chleachtadh.
- **Scileanna eagarthóireachta** a fhorbairt.
- **Léargas a fháil ar stair chultúrtha na hÉireann** ag tús an 20ú haois.

Baineadh úsáid ráthúil as Meitheal Dúchas.ie i **Scoil Mhaodhóig, Co. Loch Garman,** agus scríobh an múinteoir blagmhír spéisiúil faoin gcaoi ar cuireadh rang a haon agus rang a sé ag obair lena chéile ar Mheitheal Dúchas.ie agus ag bailiú scéalta. Léigh faoi ag https://tinyurl.com/blagmhir-mduchas

Tá tacaíocht agus treoracha ar fáil ó eolas@duchas.ie. Tá **teastais ar fáil do dhaltaí scoile** má bhíonn fonn ar mhúinteoirí tionscadal a bhunú ar Mheitheal Dúchas.ie sa seomra ranga.

Cláraigh don nuachtlitir sheachtainiúil ag www.gaois.ie/email/ga/

DCU
Cnuasach Bhéaloideas Éireann / National Folklore Collection
UCD Dublin
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta / Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht
National Lottery
STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal